Is i mBerlin atá Cearnóg Nollendorf agus muna bhfuil dul amú orm is ins an teach aoidheachta ar an gcearnóg a chuireann muintir an sgéal seo aithne ar an chéile gan crathadh lamh a dhéanamh. Ach go deimhin d'fhéadfadh an teach aoidheachta bheith i gcearnóg Wittenberg nó i gcearnóg Fehrbellimer. Ach de dhéanta na fírinne tá eolas agam ar an áit díreach a bhfuil an teach aoidheachta. Chuala óineara an tighe aoidheachta, an dtuigeann tú chuala sé go raibh leabhar dá sgríobhadh agam-sa. Tháinig sé chugam agus d'iarr orm gan an chearnóg a luadh san leabhair ar fhaitchíos na droch-cháille a bheadh ar an teach aoidheachta dá mbeadh fios ag an saoghal mór gur chuir daoine droch-mhúinte fútha ann.